**AN CHÁILÍOCHT SA GHAEILGE**
**INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO**
**FÓMHAR, 2023**

# Sleachta Léitheoireachta

## Canúint Uladh
### *Camino*

Tar éis lá fada siúlóide faoi theas na gréine ar chnoic agus ar ghleannta an *Camino* sa Fhrainc, shroich Moya an teach lóistín ar a sé a chlog.
“Tá fáilte romhat, a Mhoya!” arsa bean an tí léi as Gaeilge. “Suigh síos anseo linn agus beidh greim le hithe againn le chéile.”
Bhí ionadh ar Mhoya an Ghaeilge a chloisteáil ach b’ábhar faoisimh di é. Cé go raibh Moya in ann gach rud a thuiscint, ní raibh Fraincis labhartha ró-iontach aici. Mhínigh bean an tí di gur bhuail sí lena fear céile ar an g*Caminio* deich mbliana roimhe sin agus gur bhog sí óna háit dúchais, Gaoth Dobhair, go dtí an Fhrainc ag an am sin.
Shuigh Moya síos ag an bhord in aice le hoilithreach eile a bhí ag labhairt le muintir an tí i bhFraincis. Dúirt sé go raibh séipéal álainn gar don teach. Shocraigh sí go dtabharfadh sí cuairt ar an séipéal sin tar éis an dinnéir. Ag an nóiméad seo, áfach, bhí sí chun taitneamh a bhaint as an mbia álainn a bhí os a comhair agus as an gcomhluadar spéisiúil.

## Canúint Chonnacht
### Ceolchoirm

“An bhfuil sibh réidh don cheolchoirm?” a d’fhiafraigh an Príomhoide de Mhúinteoir Niamh i Halla na Scoile ag am lóin.
“Táimid nach mór réidh anois,” arsa Múinteoir Niamh. “Ar mhaith leat amhrán nó dhó a chloisteáil?”
“Ba bhreá liom cúpla amhrán a chloisteáil” arsa an Príomhoide agus í ag suí síos ar chathaoir ard ag barr an Halla.
D’ardaigh Múinteoir Niamh a lámha agus thug sí comhartha do Mhúinteoir Liam a bhí ina shuí ag an bpianó. Thug sí comhartha eile do Phádraig – gasúr ó Rang a Sé – a bhí ina shuí ag seit drumaí i lár an Halla.
“A haon, a dó, a trí, a ceathair” arsa Múinteoir Niamh.
Tháinig ceol álainn ón bpianó agus ó na drumaí ar dtús, agus ansin, thosaigh cór na bpáistí ag canadh. Ba é “Óró Mo Bháidín” an t-amhrán a bhí á chanadh acu. Ba léir ó aghaidh an Phríomhoide go raibh sí faoi dhraíocht ag an sean-amhrán a bhí á chanadh ag na páistí. Nuair a chríochnaigh an ceol, thug sí bualadh bos mór do na páistí.

## Canúint na Mumhan
### An Leanbh Nua

Rinne Pól cupán tae agus píosa tósta dá bhean chéile, Áine, agus rinne sé iarracht slacht a chur ar an teach. Bhí na laethanta saoire thart inniu agus bhí air filleadh ar an scoil agus ar a phost múinteoireachta.
“Slán leat a Áine,” ar seisean agus doras an tí á dhúnadh ina dhiaidh aige. “Go n-éirí leat i rith an lae agus cuir glao ar mo mháthair má bhíonn aon ní de dhíth ort.”
“Beidh gach rud go breá, a Phóil,” arsa Áine. “Feicfimid níos déanaí thú. Gach rath ar an obair!”
Bhí Pól tuirseach traochta agus é ag suí isteach sa ghluaisteán. Ní bhfuair sé mórán codlata aréir. Dhúisigh a iníon nua, Róise, ar a trí a chlog agus ní raibh sé in ann í a chur a chodladh arís. Anois bhí sé trína chéile. Bhí cuid de ag iarraidh fanacht sa bhaile le Róise ach bhí cuid eile de ag súil go mór le filleadh ar struchtúr an ghnáthshaoil. Ní raibh saol an tuismitheora nua éasca ach bhí air a admháil go raibh sásamh mór ag baint leis, freisin.

**AN CHÁILÍOCHT SA GHAEILGE**
**INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO**
**FÓMHAR, 2023**

# Sleachta Léitheoireachta

## Canúint Uladh

*Camino*

1. Cén tír ina raibh Moya?
2. Cén t-am a shroich Moya an teach lóistín?
3. Céard as do bhean an tí ó dhúchas?
4. Cár shuigh Moya?
5. Céard a dhéanfaidh Moya tar éis an dinnéir?

## Canúint Chonnacht

Ceolchoirm

1. Cár bhuail an Príomhoide le Múinteoir Niamh?
2. Cé a bhí ag seinm ar an bpianó?
3. Cén rang ina raibh Pádraig?
4. Cén t-amhrán a chan na páistí?
5. Céard a rinne an Príomhoide nuair a chríochnaigh na páistí an t-amhrán?

## Canúint na Mumhan

An Leanbh Nua

1. Céard a rinne Pól do bhricfeasta Áine?
2. Cén fáth a raibh ar Phól filleadh ar an scoil?
3. Conas a mhothaigh Pól agus é ag suí isteach sa ghluaisteán?
4. Céard is ainm don leanbh nua?
5. Cén t-am a dhúisigh an leanbh nua i rith na hoíche?